

Preaseisiúint ó FRA
Vín/an Bhruiséil, 10 Nollaig 2018

Frith-Sheimíteachas leanúnach san AE

Fuathchaint fhrith-sheimíteach, ciapadh frith-sheimíteach, agus eagla go n-aithneofaí iad mar Ghiúdaigh; cuid den saol mar atá do Ghiúdaigh san AE sa lá inniu. Is cosúil go bhfuil an scéal ag éirí níos measa, de réir mórshuirbhé leantach ar Ghiúdaigh ó Gníomhaireacht an AE um Chearta Bunúsacha, an suirbhé is mó dá leithéid riamh ar fud an domhain.

“Blianta fada tar éis an Uileloiscthe, tá leibhéal fhrith-Sheimíteachais uafásacha atá ag dul i méid ina bhfadhbanna fós san AE,” a deir Stiúrthóir FRA, [Michael O’Flaherty](#). “Ní mór do na Ballstáit é seo a thabhairt dá n-aire agus a gcuid iarrachtaí a mhéadú chun frith-Sheimíteachas a chosc agus a chomhrac. Tá ceart ag Giúdaigh maireachtáil go saor, gan fuath dóibh agus gan eagla maidir lena sábháilteacht.”

Leagtar amach i dtuarascáil ó FRA [‘Eispéiris agus dearcthaí ar fhrith-Sheimíteachas - An dara suirbhé ar idirdhealú agus coireacht fuatha i gcoinne Giúdach san AE’](#) torthaí an tsuirbhé.

Léirítear inti leibhéal fhrith-Sheimíteachais atá ag dul i méid. Measann thart ar 90% d’fhreagróirí go bhfuil frith-Sheimíteachas ag dul i méid ina dtíortha féin. Measann thart ar 90% d’fhreagróirí go bhfuil sé ina fhadhb áirithe ar líne, agus measann thart ar 70% acu go bhfuil spásanna poiblí, na meáin agus an pholaitíocht mar fhoinsí coitianta frith-Sheimíteachais.

Rinneadh ciapadh ar bheagnach 30% de dhaoine, agus iad siúd a aithníodh mar Ghiúdaigh is mó a dtéann sé i bhfeidhm orthu.

Is cosúil go bhfuil frith-Sheimíteachas chomh domhain sin sa tsochaí go bhfuil ciapadh ar bhonn rialta mar chuid dá ngnáthshaol laethúil. Ní chuireann beagnach 80% de dhaoine eachtraí tromchúiseacha in iúl do na póilíní nó d’aon chomhlacht eile. Is amhlaidh an scéal go minic toisc nach measann siad go mbeadh aon athrú ar an scéal.

Seachnaíonn breis is aon trian páirt a ghlacadh in imeachtaí Giúdacha nó cuairt a thabhairt ar láithreáin Giúdacha mar gheall ar eagla faoina sábháilteacht agus de thairbhe nach measann siad go bhfuil siad sábhailte. Mheas líon comhionann go rachaidís ar imirce.

Leagann torthaí den sórt sin béim ar an riachtanas atá ag Ballstáit gníomhaíocht phráinneach agus láithreach a chur i bhfeidhm. Chuige sin, ní mór dóibh oibriú go dlúth le chéile le raon leathan páirtithe leasmhara, go háirithe pobail Ghiúdacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chun bearta níos éifeachtaí a chur i bhfeidhm chun frith-Sheimíteachas a chosc agus a chomhrac.

Áirítear leis seo oideachas Uileloiscthe agus gníomhaíochtaí a ardaíonn feasacht a neartú, pobail agus láithreáin Giúdacha a choinneáil sábháilte, agus monatóireacht a dhéanamh ar bhonn rialta ar choireacht fuatha i gcoinne na nGiúdach. Bheadh suirbhéanna rialta íospártha ina chuidiú le héifeachtacht dlíthe agus beartais a mheas.

Ina theannta sin, ba chóir do gach Ballstát dlíthe an AE a thrasú go hiomlán agus go ceart ina ndlí náisiúnta chun íospartaigh a chosaint agus ciníochas a chosc. Bheadh sé seo ina chuidiú le cinntiú go bhfaigheann íospartaigh an tacaíocht atá dlíthe acu agus go gcuirtear pionóis choiriúla éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha ar dhéantóirí na coire. Ina dhiaidh sin, spreagfaí íospartaigh agus finnítithe labhairt amach agus eachtraí a thuairisciú.

Clúdaíonn na torthaí 12 Bhallstát ina bhfuil níos mó ná 96% de dhaonra Giúdach measta an AE ina gcónaí. Ghlac os cionn 16,000 Giúdach 16 bliana d'aois nó níos sine páirt sa suirbhé ar líne ó Bhealtaine go Meitheamh 2018. Cuireann sé le [torthaí agus tuairimí an chéad suirbhé a foilsíodh in 2013](#).

Le tuilleadh faisnéise a fháil féach ar cheisteanna coitianta [torthaí](#) agus [modheolaíochta](#) nó téigh i dteagmháil le: media@fra.europa.eu / Teil.: +43 1 580 30 642

Nótaí d'eagarthóirí: Tagann an tuarascail seo tar éis do [CNN a phobalbhreith féin a scaipeadh](#) rud a léiríonn “anti-Semitic stereotypes are alive and well in Europe, while the memory of the Holocaust is starting to fade”.